CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1106 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2021

maidir le haitheantas a thabhairt do shocruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin na hAstráile le haghaidh idirbhearta díorthach faoi mhaoirseacht Australian Prudential Regulation Authority de chuid [Údarás um Rialáil Stuamachta de chuid na hAstráile] mar shocruithe atá coibhéiseach le ceanglais áirithe a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagail 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh.648/2012 foráiltear maidir le sásra lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún cinntí coibhéise a ghlacadh lena ndearbhaítear go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de chuid tríú tír coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 9, 10 agus 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionas go measfar go mbeidh na riachtanais sin comhlíonta ag contrapháirtithe a dhéanann idirbheart faoi chuimsiú an Rialacháin sin, áit a bhfuil ar a laghad contrapháirtí amháin bunaithe sa tríú tír sin, trí na ceanglais a leagtar amach i gcóras dlí an tríú tír sin a chomhlíonadh. Leis an dearbhú coibhéise rannchuidítear aidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, eadhon an riosca sistéamach a laghdú agus trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú trína áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na prionsabail a comhaontaíodh le tríú tíortha agus a leagtar síos sa Rialachán sin, agus atá comhsheasmhach go hidirnáisiúnta.

(2) Le hAirteagal 11(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a fhorlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ([2]) ón gCoimisiún agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ([3]) ón gCoimisiún, bunaítear ceanglais dlí an Aontais maidir le deimhniú tráthúil téarmaí conartha díorthach thar an gcuntar, comhbhrú punainne a dhéanamh agus na socruithe faoina ndéantar punanna a réiteach i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"). Ina theannta sin, leagtar síos sna forálacha sin na hoibleagáidí luachála agus na hoibleagáidí réitigh díospóide is infheidhme maidir leis na conarthaí sin ("teicnící um maolú riosca oibriúcháin") chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le comhthaobhacht ("éarlaisí") a mhalartú idir contrapháirtithe.

(3) Ionas go measfar córas dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír a bheith coibhéiseach le córas an Aontais maidir le teicnící um maolú riosca oibriúcháin agus ceanglais éarlaise, is é toradh substainteach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme go bhfuil siad coibhéiseach le ceanglais an Aontais faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus go n-áiritheofar cosaint don rúndacht ghairmiúil atá coibhéiseach leis an gcosaint dá bhforáiltear in Airteagal 83 den Rialachán sin. Ina theannta sin, ní mór socruithe coibhéiseacha dlí, maoirseachta agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus ar bhealach cothromasach, agus neamhshaofa, sa tríú tír sin. Dá bhrí sin, is cuid den mheasúnú ar choibhéis é a fhíorú cé acu a áirithítear leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtríú tír nach bhfágtar margaí airgeadais san Aontas ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL agus a dhéanann ar a laghad contrapháirtí amháin atá bunaithe sa tríú tír sin agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéamaigh atá neamh-inghlactha san Aontas leis na conarthaí díorthach thar an gcuntas sin.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar shocruithe imréitigh indírigh, an oibleagáid imréitigh, an clár poiblí, rochtain ar ionad trádála, contrapháirtithe neamhairgeadais, agus teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála i gcomhair teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

(4) An 1 Deireadh Fómhair 2013, fuair an Coimisiún comhairle theicniúil ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ("ESMA") maidir leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin san Astráil ([4]), lena n-áirítear na teicnící um maolú riosca oibríochtúil is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL. I gcomhairle theicniúil ESMA, chinn sé nach raibh aon cheanglais a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí de ann maidir le deimhniú tráthúil téarmaí conartha díorthach thar an gcuntar, leis na socruithe chun réiteach punainne a dhéanamh, le comhbhrú punainne a dhéanamh, le punann a luacháil agus leis an oibleagáid maidir le díospóidí a réiteach nó comhthaobhacht a mhalartú idir contrapháirtithe i gconarthaí díorthach thar an gcuntar san Astráil. Thug ESMA faoi deara freisin nárbh fhéidir an choibhéis idir córais le haghaidh éarlaisí déthaobhacha a mheasúnú ag an am, toisc nach raibh na caighdeáin theicniúla lena sonraítear na rialacha maidir le héarlaisí déthaobhacha san Aontas forbartha go fóill.

(5) Mheas an Coimisiún comhairle theicniúil ESMA agus a mheasúnú á dhéanamh aige, agus tá na forbairtí rialála a tharla ó shin curtha san áireamh aige. Rinne an Coimisiún anailís chomparáideach ar na ceanglais dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme san Astráil. Rinne sé measúnú freisin ar thoradh na gceanglas sin agus ar a leordhóthanacht chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL ar bhealach a mheastar a bheith comhionann le toradh na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(6) Tá na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme san Astráil maidir le hidirbhearta ar chonarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach leagtha amach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 don Údarás um Rialáil Stuamachta de chuid na hAstráile ("APRA") a glacadh faoi alt 11AF den Acht Baincéireachta 1959 (An tAcht Baincéireachta), alt 32 den Acht Árachais 1973 (an tAcht Árachais), alt 230A den Acht um Árachas Saoil 1995 (an tAcht um Árachas Saoil) agus alt 34C den Acht um Thionscal Aoisliúntas (Formhaoirseacht) 1993 (Acht SIS). Is é sainordú APRA sábháilteacht agus fóntacht institiúidí airgeadais a rialaítear go stuama a áirithiú ionas go gcomhlíonfaidh siad a ngealltanais airgeadais i leith taisceoirí, sealbhóirí polasaithe agus comhaltaí ciste laistigh de chóras airgeadais cobhsaí, éifeachtúil agus iomaíoch. Ceanglaíotear le Caighdeán Stuamachta CPS 226 go mbeidh cleachtais iomchuí éarlaise agus maolaithe riosca ag eintiteas faoi chumhdach ag na rialacha sin i ndáil le díorthaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach. Baineann an Caighdeán Stuamachta sin le hinstitiúidí sna tionscail baincéireachta, árachais ghinearálta, árachais saoil agus aoisliúntais, faoi réir tairseacha áirithe. Tháinig Caighdeán Stuamachta CPS 226 i bhfeidhm an 1 Márta 2017. Tá cuid dá cheanglais faoi réir céimnithe isteach i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta agus ailínithe leis an gcéimniú isteach atá ann cheana i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún.

(7) Tá feidhm ag Caighdeán Stuamachta CPS 226 maidir le díorthaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach, cé is moite de chonarthaí malairte eachtraí ag a bhfuil aibíocht níos lú ná trí lá. Is leithne an sainmhíniú ar dhíorthaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 ná an sainmhíniú ar dhíorthaigh thar an gcuntar dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. I mír 9(g) de Chaighdeán Stuamachta CPS 226, sainmhínítear "díorthach" mar dhíorthach de réir bhrí Chaibidil 7 d'Acht na gCorparáidí 2001, nó socrú ar réamhbhabhtáil, babhtáil nó rogha é, nó aon teaglaim de na nithe sin, i ndáil le tráchtearra amháin nó níos mó. Ba cheart, dá bhrí sin, coibhéis a aithint i ndáil le díorthaigh thar an gcuntar atá faoi réir éarlaisí faoi mhír 9(g) de Chaighdeán Stuamachta CPS 226.

(8) De ghnáth, tá feidhm ag Caighdeán Stuamachta CPS 226 maidir le hidirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach idir "eintitis faoi chumhdach APRA" agus "contrapháirtithe faoi chumhdach". Is institiúidí údaraithe glactha taiscí (ADInna) iad "eintitis faoi chumhdach APRA", lena n-áirítear ADInna eachtracha, agus cuideachtaí sealbhaíochta neamhoibríochtúla atá údaraithe faoin Acht Baincéireachta, árachóirí ginearálta, lena n-áirítear árachóirí Chatagóir C, cuideachtaí sealbhaíochta neamh-oibríochtúla atá údaraithe faoin Acht Árachais, agus máthair-eintitis de ghrúpaí árachais Leibhéal 2, cuideachtaí saoil lena n-áirítear cara-chumainn agus cuideachtaí árachais saoil eachtracha incháilithe (EFLICanna), agus cuideachtaí sealbhaíochta neamhoibriúcháin atá cláraithe faoin Acht um Árachas Saoil agus eintitis aoisliúntais inchláraithe faoi Acht SIS i ndáil lena n-oibríochtaí gnó. Comhfhreagraíonn an sainmhíniú ar "contrapháirtithe faoi chumhdach" go ginearálta don sainmhíniú ar "contrapháirtí airgeadais" in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ach gan feithiclí sainchuspóireacha a áireamh amhail i gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun na críche é a fhálú agus chun na críche sin amháin. Ní chuirtear san áireamh sa sainmhíniú ar "contrapháirtithe faoi chumhdach" suíomh dlínse an chontrapháirtí fad is nach bhfuil aon amhras faoi infhorfheidhmitheacht an chomhaontaithe glanluachála ar dhócmhainneacht nó ar fhéimheacht an chontrapháirtí nó i gcás nach bhfuil socruithe comhthaobhachta in amhras agus go bhfuil siad in-fhorfheidhmithe le dlí ar mhainneachtain an chontrapháirtí.

([4]) ESMA/2013/1373, *Technical advice on third country regulatory equivalence under EMIR – Australia* [Comhairle theicniúil faoi choibhéis rialála tríú tír faoi EMIR – an Astráil], an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, an 1 Deireadh Fómhair 2013.

(9) I gcomhréir le mír 11 de Caighdeán Stuamachta CPS 226, ní bheidh oibleagáidí chun éarlais athrúcháin a mhalartú infheidhme ach amháin maidir le contrapháirtithe in idirbheart i gcás inar mó méid dhíorthach an dá chontrapháirtí nach bhfuil imréitithe go lárnach, ar bhonn comhiomlánaithe agus comhdhlúite, ná tairseach *de minimis* de AUD 3 bhilliún. Níl aon tairseach den sórt sin ann faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Dá bhrí sin, ba cheart aitheantas coibhéise a bheith coinníollach ar éarlais athrúcháin a mhalartú idir contrapháirtithe atá faoi réir Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus eintitis a chumhdaítear le APRA.

(10) Tá oibleagáidí i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 comhchosúil leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus i gCaibidil VIII de Rialachán Tarmligthe (AE) 149/2013. Go háirithe, tá ceanglais shonracha i mír 77 go mír 94 den Chaighdeán Stuamachta sin maidir le dearbhú tráthúil, comhbhrú punainne, réiteach punainne, luacháil idirbheart agus réiteach díospóidí is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL. Maidir le deimhniú tráthúil, ní féidir a mheas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 coibhéiseach ós rud é nach gá leo idirbhearta a dhearbhú ach "a luaithe is indéanta", agus ag an am céanna leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún uastréimhse don idirbheart atá le dearbhú. Maidir le réiteach punainne, ní féidir a mheas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 coibhéiseach ós rud é nach sonraítear i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 an mhinicíocht ag a bhfuil punann le réiteach, agus ag an am céanna cinntear go beacht í i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún. Maidir le réiteach díospóide, ní féidir a mheas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 coibhéiseach ós rud é, in ainneoin Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún, nach bhforáiltear sa Chaighdeán Stuamachta sin maidir le próiseas sonrach i gcás díospóidí nach réitítear laistigh de chúig lá oibre. Maidir le comhbhrú punainne agus luacháil idirbheart, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 coibhéiseach i dtorthaí a leagtar amach in Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún.

(11) Maidir le conarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach agus a chumhdaítear faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226, ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le heintitis a chumhdaítear le APRA coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le comhbhrú punainne agus luacháil idirbheart is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL.

(12) De bhun Chaighdeán Stuamachta CPS 226, ní mór an éarlais athrúcháin a mhalartú, faoi réir na tairsí *de minimis* dá dtagraítear i mír 11 den Chaighdeán Stuamachta sin, agus ní mór an éarlais tosaigh a phostáil agus a bhailiú do gach idirbheart díorthach nua nach bhfuil imréitithe go lárnach, cé is moite d'idirbhearta réamh-mhalairte eachtraí agus idirbhearta malairte eachtraí babhtála a shocraítear go fisiceach, idir eintiteas atá faoi chumhdach ag APRA agus contrapháirtí faoi chumhdach. Ghlac APRA an céimniú isteach a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le teacht i bhfeidhm na gceanglas éarlaisí tosaigh, ba cheart a mheas go bhfuil na tairseacha a úsáidfear le haghaidh an chéimnithe isteach a léirítear in AUD coibhéiseach leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Foráiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 maidir le díolúintí den chineál céanna i gcás idirbhearta réamh-mhalairte eachtraí agus idirbhearta malairte eachtraí babhtála agus i gcás roghanna maidir le cothromas aonstoic nó le roghanna innéacs. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ach amháin maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar atá faoi réir ceanglas éarlaisí faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Caighdeán Stuamachta CPS 226.

(13) I gcomhréir le Caighdeán Stuamachta CPS 226, déanfar an éarlais athrúcháin a ríomh agus a ghlaoch ar bhonn laethúil agus déanfar méideanna éarlais athrúcháin a shocrú "go pras". Chuir APRA in iúl go poiblí go measann sé gur cheart go ndéanfaí éarlais athrúcháin a shocrú, go hiarbhír, ar bhonn T+ 1 (áit arb ionann T agus dáta an ghlao ar éarlais). Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh creat ama socraíochta den sórt sin indéanta i ngach cás i ngeall, mar shampla, ar an amchrios agus ar bhreithnithe trasteorann. Dá bhrí sin, tá ceanglas bunaithe ar phrionsabail glactha ag APRA chun an éarlais athrúcháin a shocrú go pras chun toradh a bhaint amach atá comhsheasmhach le ceanglais rialála dhomhanda eile maidir le huainiú socraíochta le haghaidh na héarlaise athrúcháin. Le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, ceanglaítear ar na contrapháirtithe uile in idirbheart díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL éarlais athrúcháin a mhalartú ar bhonn laethúil nó an tréimhse éarlais faoi riosca a úsáidtear chun an éarlais tosaigh a ríomh a choigeartú dá réir sin. Níor cheart a mheas go bhfuil na socruithe dá bhforáiltear i gCaighdeán Stuamachta 226 maidir le héarlais athrúcháin coibhéiseach ach amháin i gcás ina mbaintear amach leis na socruithe sin toradh atá coibhéiseach leis an toradh a baineadh amach trí cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart coinníollacha chuige sin a leagan síos.

(14) Foráiltear le Caighdeán Stuamachta CPS 226 maidir le híosmhéid aistrithe comhcheangailte d'éarlaisí tosaigh agus d'éarlaisí athrúcháin AUD 750 000, ach foráiltear le hAirteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 maidir le méid EUR 500 000. Agus an difríocht bheag idir na méideanna sin agus an cuspóir comhchoiteann de Chaighdeánach Stuamachta CPS 226 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 á gcur san áireamh, ba cheart a mheas go bhfuil na méideanna sin coibhéiseach.

(15) Maidir leis na ceanglais i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 faoi ríomh na héarlaise tosaigh, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Amhail an modh caighdeánaithe lena ríomhtar an éarlais tosaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, is féidir faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226, úsáid a bhaint as samhail chaighdeánaithe atá coibhéiseach leis an tsamhail a leagtar síos san Iarscríbhinn IV sin. Mar mhalairt rogha, féadfar samhlacha inmheánacha nó samhlacha tríú páirtí a úsáid faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226 chun an éarlais tosaigh a ríomh i gcás ina bhfuil sna samhlacha sin paraiméadair shonracha áirithe atá coibhéiseach leis na paraiméadair a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, lena n-áirítear íos-eatraimh muiníne agus tréimhsí éarlaise faoi riosca, agus sonraí stairiúla áirithe, lena n-áirítear tréimhsí struis. Ní mór d'eintitis atá faoi chumhdach ag APRA iarratas a chur isteach chuig APRA lena bhformheas chun samhail inmheánach nó tríú páirtí a úsáid agus a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail sin sula n-iarrtar an formheas.

(16) Ba cheart a mheas go bhfuil na ceanglais i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 maidir le comhthaobhacht incháilithe agus maidir leis an gcaoi a sealbhaítear agus a scartar an chomhthaobhacht sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Tá liosta coibhéiseach de chomhthaobhachtaí incháilithe i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 agus beidh rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag eintiteas faoi chumhdach ag APRA chun a áirithiú nach bhfuil riosca comhghaolmhaireachta suntasach nó riosca comhchruinnithe suntasach ag gabháil leis an gcomhthaobhacht a bhailítear. Ba cheart comhchruinniú a mheasúnú i dtéarmaí eisitheora aonair, cineáil eisitheora agus cineáil sócmhainne. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil na rialacha éarlais maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL atá i gCaighdeán Stuamachta CPS 226 coibhéiseach leis na rialacha dá bhforáiltear faoi Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(17) Maidir le leibhéal cosanta na rúndachta gairmiúla san Astráil, tá an fhaisnéis atá i seilbh APRA, chomh maith le gach gníomhaireacht de chuid an Chomhlathais, faoi réir an Achta um Príobháideacht 1988 ("an tAcht um Phríobháideacht"). Ina theannta sin, leagtar amach in Acht an Údaráis um Rialáil Stuamachta 1998 ("Acht um APRA") de chuid na hAstráile forálacha rúndachta mionsonraithe a bhfuil feidhm acu maidir le APRA agus a chuid fostaithe. Go háirithe, de bhun alt 56(2) den Acht um APRA, tá oifigigh nó iaroifigigh de chuid APRA ciontach i gcion má nochtann siad "faisnéis chosanta" nó "doiciméad cosanta" d'aon duine nó "do chúirt" (seachas i gcomhréir leis an Acht um APRA). Ina theannta sin, is foráil rúndachta é Alt 70 d'Acht na gCoireanna 1914 ("Acht na gCoireanna") a bhfuil feidhm ghinearálta aici maidir le hoifigigh an Chomhlathais (is é sin le rá fostaithe san earnáil phoiblí, lena n-áirítear foireann agus conraitheoirí APRA). Leis an bhforáil sin is cion é d'oifigigh an Chomhlathais aon fhíric nó doiciméad a nochtadh a thiocfaidh ar a bhfios dóibh nó a bheidh ina seilbh de thoradh iad a bheith ina n-oifigeach Comhlathais, agus a bhfuil de dhualgas orthu gan é a nochtadh. I dteannta a chéile, leis an Acht um Phríobháideacht, le hAcht na gCoireanna agus leis an Acht um APRA, tugtar ráthaíochtaí maidir le rúndacht ghairmiúil, lena n-áirítear go gcosnaítear rúin ghnó a roinneann na húdaráis le tríú páirtithe, ar ráthaíochtaí iad ar cheart a mheas a bheith coibhéiseach leo siúd a leagtar amach i dTeideal VIII de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(18) Ar deireadh, maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach na socruithe dlí san Astráil, is ar APRA atá an phríomhfhreagracht as faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Chaighdeán Stuamachta CPS 226. Is féidir le APRA raon leathan beart maoirseachta a dhéanamh lena n-áirítear imscrúdú foirmiúil a dhéanamh ar ghnóthaí institiúide, coinníollacha a fhorchur ar cheadúnas institiúide nó treoracha a eisiúint a bhaineann le hábhair ar leith, bainisteoir reachtúil, bainisteoir breithiúnach nó iontaobhaí ionaid a cheapadh chun gnóthaí institiúide a bhainistiú, gníomh coiriúil a thionscnamh in aghaidh daoine nó institiúidí nó orduithe athoiliúna a lorg. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhforáiltear leis na bearta sin maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na socruithe ábhartha dlí, rialála agus forfheidhmiúcháin faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226 ar bhealach cothromasach, agus neamhshaofa agus go n-áirithítear maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach atá coibhéiseach leis na socruithe maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ar fáil faoi chreat dlíthiúil an Aontais.

(19) Aithnítear sa Chinneadh seo coibhéis na gceanglas ceangailteach a leagtar amach i ndlí na hAstráile a bhaineann le conarthaí díorthach thar an gcuntar a bhí infheidhme tráth a glacadh an Cinneadh seo. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le ESMA, faireachán ar bhonn rialta ar fhorás na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin le haghaidh na gconarthaí díorthach thar an gcuntar sin agus ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú agus réiteach punainne, luacháil, réiteach díospóidí agus na ceanglais éarlaise is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar, nach bhfuil imréitithe ag CPL a ndearnadh an Cinneadh

seo ina leith. Mar chuid d'iarrachtaí faireacháin an Choimisiúin, féadfaidh sé iarraidh ar APRA faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí rialála agus maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás inar gá, de bharr forbairtí ábhartha, go ndéanfadh an Coimisiún athmheasúnú ar an dearbhú coibhéise arna dheonú ag an gCinneadh seo. D'fhéadfadh sé go n-aisghairfí an Cinneadh sin rud a chuirfeadh contrapháirtithe go huathoibríoch faoi réir na gceanglas uile a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Eorpaigh um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, measfar go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin na hAstráile maidir le comhbhrú punainne agus luacháil idirbheart a chuirtear i bhfeidhm maidir le hidirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach agus atá faoi rialú an Údaráis um Rialáil Stuamachta de chuid na hAstráile ("APRA") coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás inar eintiteas atá faoi chumhdach ag APRA é ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe sna hidirbhearta sin mar a shainítear faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226 é.

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin na hAstráile maidir le malartú comhthaobhachta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le hidirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach agus a rialaíonn APRA nach ndéantar a imréiteach go lárnach, measfar iad a bheith coibhéiseach le ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is eintiteas atá faoi chumhdach ag APRA é ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe sna hidirbhearta sin mar a shainmhínítear faoi Chaighdeán Stuamachta CPS 226 é;

(b) I gcás ina gceanglaítear éarlais athrúcháin a chur ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, déantar éarlais athrúcháin a sholáthar ar an lá céanna a ríomhtar é.

De mhaolú ar phointe (b), i gcás ina suífear idir na contrapháirtithe nach féidir an éarlais athrúcháin a sholáthar go comhsheasmhach an lá céanna a ríomhtar é, measfar freisin go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin na hAstráile coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás ina soláthraítear éarlais athrúcháin laistigh de 2 lá oibre óna ríomh agus i gcás ina ndéantar an tréimhse éarlais faoi riosca a úsáidtear chun an éarlais tosaigh a ríomh a choigeartú dá réir sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN